Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0224(NLE)**

**12145/26**
**ADD 1**

**UK 158**
**UD 219**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 403 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh an CHINNIDH ÓN gCOMHAIRLE<br>lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le dearbhú comhpháirteach maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 5 de Creat Windsor |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 403 final annex.

---

Faoi iamh: COM(2026) 403 final annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.7.2026
COM(2026) 403 final

ANNEX

# IARSCRÍBHINN

*a ghabhann leis an*

**Togra le haghaidh an CHINNIDH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a mhéid a bhaineann le dearbhú comhpháirteach maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 5 de Creat Windsor**

**DRÉACHT**

DEARBHÚ COMPHÁIRTEACH
ÓN AONTAS AGUS ÓN RÍOCHT AONTAITHE
SA CHOMHCHOISTE A BUNAÍODH LEIS AN gCOMHAONTÚ
MAIDIR LE RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE
AGUS THUAISCEART ÉIREANN A BHEITH AG TARRAINGT SIAR AS AN AONTAS EORPACH
AGUS AS AN gCOMHPHOBAL EORPACH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

an … 2026

maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 5 de Chreat Windsor[1]

Foráiltear le hAirteagal 5(1) de Chreat Windsor, ar an gcéad dul síos, nach mbeidh aon dleacht chustaim iníoctha ar earra a thugtar isteach i dTuaisceart Éireann as cuid eile de Ríocht Aontaithe le hiompar díreach agus nach bhfuil an baol ann go n-aistreofar an t-earra sin isteach san Aontas ina dhiaidh sin, bíodh sin leis féin nó mar chuid d'earra eile i ndiaidh próiseála, agus ar an dara dul síos, gurb iad na dleachtanna is infheidhme sa Ríocht Aontaithe a bheidh sna dleachtanna custaim i leith earra a thugtar isteach i dTuaisceart Éireann le hiompar díreach as áit eile seachas as an Aontas nó as cuid eile den Ríocht Aontaithe agus nach bhfuil an baol ann go n-aistreofar an t-earra sin isteach san Aontas ina dhiaidh sin, bíodh sin leis féin nó ina chuid d'earra eile i ndiaidh próiseála.

Dá bhrí sin, saothraítear leis an bhforáil sin an cuspóir a áirithiú, maidir le haon earra a thugtar isteach i dTuaisceart Éireann le hiompar díreach agus nach bhfuil baol ann go n-aistreofar an t-earra sin isteach san Aontas ina dhiaidh sin, bíodh sin leis féin nó mar chuid d'earra eile i ndiaidh próiseála, nach mbeidh an t-earra sin faoi réir aon mhuirear airgeadais a leagtar síos le dlí custaim an Aontais a bhaineann go díreach le scaoileadh i saorchúrsaíocht an earra sin i dTuaisceart Éireann.

Sa chomhthéacs sin, agus i gcomhréir le hoibleagáidí EDT na bPáirtithe, ba cheart a thuiscint go bhfuil feidhm ag Airteagal 5(1) de Chreat Windsor freisin maidir le táille láimhseála a bhunaítear le dlí an Aontais chun costais na seirbhísí a sholáthraítear chun láimhseáil a dhéanamh ar iarraidh ar scaoileadh i saorchúrsaíocht earraí a dhíoltar i gciandíol a chumhdach, go háirithe na sonraí a sholáthraítear a sheiceáil, anailís riosca a dhéanamh, agus rialuithe doiciméadacha agus fisiceacha a dhéanamh nuair is gá.

Foráiltear le hAirteagal 5(6) de Chreat Windsor, i gcás ina dtoibhíonn an Ríocht Aontaithe dleachtanna custaim i gcomhréir le reachtaíocht chustaim ábhartha an Aontais, nach n-íocfar na dleachtanna sin leis an Aontas. Dá bhrí sin, saothraítear leis an bhforáil sin an cuspóir a áirithiú gur leis an Ríocht Aontaithe a fhanfaidh fáltais muirear airgeadais a leagtar síos le dlí custaim an Aontais agus a bhaineann go díreach le hearraí a scaoileadh i saorchúrsaíocht i dTuaisceart Éireann. Sa chomhthéacs sin, ba cheart a thuiscint go bhfuil feidhm ag Airteagal 5(6) de Chreat Windsor ina iomláine freisin maidir leis na fáltais ó tháille láimhseála den chineál dá dtagraítear sa mhír roimhe seo.

[1] Féach Dearbhú Comhpháirteach Uimh. 1/2023.